C/2025/4418

29.8.2025

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún

Rialacha margaidh agus bearta tacaíochta in earnáil an fhíona

(C/2025/4418)

Rapóirtéir ginearálta:	Roberto CIAMBETTI (IT/ECR), Comhalta de Chomhairle Réigiúnach Veneto
Doiciméad tagartha:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe. COM(2025) 137 final

I. MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE

Leasú 1

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 15a (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	(15a) Tá sé d'údarás ag na Ballstáit idirghabhálacha glasbhuainte in earnáil an fhíona a chur san áireamh ina bpleananna straitéiseacha. Mar gheall ar an riocht ina bhfuil earnáil an fhíona agus ar an ngéarchéim struchtúrach atá ann i réigiúin agus i mBallstáit áirithe, is iomchuí foráil a dhéanamh freisin maidir leis an deis a bheith ag na Ballstáit an stoitheadh ó fhréamh agus an driogadh a áireamh mar bhearta deonacha i gcás géarchéime. Fágfaidh an rogha sin go gcuirfear creat coiteann ar fáil, go seachnófar saobhadh iomaíochta agus go n-áiritheofar go bhfuil cothroime iomaíochta ann.

Leasú 2

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 15 b (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
	Bíonn earnáil an fhíona ag brath go mór ar oibrithe a bhíonn fostaithe ar feadh tréimhsí gearra. I gcomhréir leis na forálacha maidir le coinníollacht shóisialta a tugadh isteach sa Chomhbheartas Talmhaíochta 2023-2027, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun faireachán a dhéanamh le féachaint an bhfuil na caighdeáin sábháilteachta á gcomhlíonadh agus go bhfuil dálaí oibre cuimsitheacha iomchuí ann, lena n-áirítear i dtéarmaí airgeadais, a fhad a bhaineann sé leis an bhfíonsaothrú agus le gníomhaíochtaí próiseála.

Leasú 3

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 22

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun dul in oiriúint do threochtaí sa mhargadh agus chun leas a bhaint as deiseanna éifeachtúla sa mhargadh, ba cheart an uastréimhse tacaíochta le haghaidh oibríochtaí cur chun cinn agus cumarsáide a dhéantar i dtríú tíortha i ndáil le comhdhlúthú asraonta margaidh a shíneadh ó 3 bliana go 5 bliana.	Chun dul in oiriúint do threochtaí sa mhargadh agus chun leas a bhaint as deiseanna éifeachtúla sa mhargadh, ba cheart an uastréimhse tacaíochta le haghaidh oibríochtaí cur chun cinn agus cumarsáide a dhéantar i dtríú tíortha i ndáil le comhdhlúthú asraonta margaidh a shíneadh ó 3 bliana go 5 bliana ***agus an deis a thabhairt freisin síneadh 5 bliana breise a chur leis na hoibríochtaí sin chun go bhféadfar na hasraonta margaidh a chomhdhlúthú. Agus machnamh á dhéanamh faoi oibríochtaí cur chun cinn agus cumarsáide atá dírithe ar thríú tíortha, is ábhartha dealú a dhéanamh idir na margaí éagsúla atá sa tír chéanna.***

Leasú 4

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 24

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do tháirgeoirí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag na Ballstáit an cúnamh airgeadais uasta ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí lena saothraítear an cuspóir sin a mhéadú go dtí suas le 80 % de na costais infheistíochta incháilithe.	Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do tháirgeoirí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag na Ballstáit an cúnamh airgeadais uasta ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí***, agus le haghaidh athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort,*** lena saothraítear an cuspóir sin a mhéadú go dtí suas le 80 % de na costais infheistíochta incháilithe. ***Agus an tacaíocht sin á tabhairt, ba cheart tús áite a thabhairt freisin do chleachtais agraí-éiceolaíocha agus straitéisí um éagsúlú lena gcothaítear athléimneacht fhadtéarmach, ar nós, mar shampla, ceapadh carbóin san ithir, na hilchuraíochta, athúsáid uisce, agus cineálacha atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh, go háirithe i réigiún na Meánmhara agus sna réigiúin is forimeallaí.***

Leasú -5

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(1)

Airteagal 62, mír 3, fomhír 2a (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	I gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla arna leagan síos in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/2116, d'fhéadfaí i gcás na n-údaruithe dá dtagraítear i mír 1, arna ndeonú i gcomhréir le hAirteagal 64, síneadh suas le 12 mhí tar éis dháta éaga tosaigh na n-údaruithe a chur lena mbailíocht.

Leasú 6

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(2)

Airteagal 63 — mír 2 — fomhír 3 (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Féadfaidh na Ballstáit critéir a leagan síos maidir le húdaruithe i gcomhair planduithe a dháileadh agus a bhainistiú, sa chaoi is nach méadófar na limistéir fíonghort i réigiúin agus i ndeighleoga margaidh ina mbíonn rósholáthar, agus chun tosaíocht a thabhairt d'fhíonta a d'fhéadfaí a chur ar an margadh, i gcomhréir lena straitéisí earnála náisiúnta agus leis na bearta géarchéime arna n-údarú do na limistéir sin.

Leasú 7

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(2)

Airteagal 63, mír 2, fomhír c

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(c) teorainn a chur le heisiúint údaruithe i gcomhair planduithe nua ar an leibhéal réigiúnach, le haghaidh limistéir shonracha inar cuireadh chun feidhme bearta náisiúnta nó bearta de chuid an Aontais a bhaineann le driogadh fíona, glasbhuaint nó stoitheadh ó fhréamh i gcásanna géarchéime a bhfuil údar maith leo.	(c) teorainn a chur le heisiúint údaruithe i gcomhair planduithe nua ar an leibhéal réigiúnach, le haghaidh limistéir shonracha inar cuireadh chun feidhme bearta náisiúnta nó bearta de chuid an Aontais a bhaineann le driogadh fíona, glasbhuaint nó stoitheadh ó fhréamh i gcásanna géarchéime a bhfuil údar maith leo. ***D'fhonn a sheachaint go gcuirfí an ghlasbhuaint i bhfeidhm nuair nach bhfuil gá lena leithéid, ní mór critéir shoiléire, atá infheidhme go héasca agus infhíoraithe, a leagan síos chun a chinneadh cathain a mheastar triopaill fíonchaor a bheith aibí.***
Chun críocha phointe (c), ciallaíonn 'glasbhuaint' na triopaill fíonchaor a scriosadh nó a bhaint ina n-iomláine agus iad fós neamhaibí, rud a fhágann go laghdófar táirgeacht an limistéir lena mbaineann go táirgeacht nialasach, agus nach n-áireofar neamhbhuaint, is é sin nuair a fhágtar fíonchaora tráchtála ar na plandaí ag deireadh an ghnáth-thimthrialla táirgthe. Na Ballstáit a chuireann teorainn le heisiúint údaruithe i gcomhair planduithe nua ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (b) nó (c), féadfaidh siad a cheangal go n-úsáidfear na húdaruithe sin sna réigiúin sin.;	Chun críocha phointe (c), ciallaíonn 'glasbhuaint' na triopaill fíonchaor a scriosadh nó a bhaint ina n-iomláine agus iad fós neamhaibí, rud a fhágann go laghdófar táirgeacht an limistéir lena mbaineann go táirgeacht nialasach, agus nach n-áireofar neamhbhuaint, is é sin nuair a fhágtar fíonchaora tráchtála ar na plandaí ag deireadh an ghnáth-thimthrialla táirgthe. Na Ballstáit a chuireann teorainn le heisiúint údaruithe i gcomhair planduithe nua ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (b) nó (c), féadfaidh siad a cheangal go n-úsáidfear na húdaruithe sin sna réigiúin sin.;

Leasú 8

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(3), Airteagal 66, mír 3, an dara fomhír

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
'Féadfaidh Ballstát deonú na n-údaruithe athphlanduithe dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:	"Féadfaidh Ballstát deonú na n-údaruithe athphlanduithe dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:
(a) úsáidfear an t-údarú sa limistéar geografach céanna ina raibh na fíniúnacha grafa comhfhreagracha lonnaithe, i gcás ina mbeidh údar maith le fíonsaothrú a choinneáil ar bun sa limistéar geografach sin ar chúiseanna socheacnamaíocha nó ar chúiseanna comhshaoil,	(a) úsáidfear an t-údarú sa limistéar geografach céanna ina raibh na fíniúnacha grafa comhfhreagracha lonnaithe, i gcás ina mbeidh údar maith le fíonsaothrú a choinneáil ar bun sa limistéar geografach sin ar chúiseanna socheacnamaíocha nó ar chúiseanna comhshaoil,
(b) ***ní úsáidfear ach cineálacha agus modhanna táirgthe nach méadaíonn an mheántáirgeacht i gcomparáid le fíniúnacha stoite ó fhréamh nó cineálacha agus modhanna táirgthe traidisiúnta réigiúin ar leith i gcás ina raibh an limistéar stoite ó fhréamh comhfhreagrach lonnaithe i réigiún táirgthe a cháiligh an Ballstát mar réigiún a ndearna míchothromaíocht struchtúrach ar an margadh difear dó, nó***	(b) ní úsáidfear an t-údarú i réigiún táirgthe atá éagsúil ón réigiún ina bhfuil an limistéar stoite ó fhréamh lonnaithe i gcás inar cháiligh an Ballstát an réigiún táirgthe éagsúil sin mar réigiún a ndearna míchothromaíocht struchtúrach ar an margadh difear dó.'
(c) ní úsáidfear an t-údarú i réigiún táirgthe atá éagsúil ón réigiún ina bhfuil an limistéar stoite ó fhréamh lonnaithe i gcás inar cháiligh an Ballstát an réigiún táirgthe éagsúil sin mar réigiún a ndearna míchothromaíocht struchtúrach ar an margadh difear dó."	

Cúis

Nílimid i bhfách leis an gcoinníoll a mholtar thuas go bhféadfadh na Ballstáit údaruithe a theorannú do chineálacha sonracha nuair a bhíonn údaruithe um athphlandú á n-eisiúint acu; dar linn gur céim thar fóir atá ann.

Leasú 9

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(5)

Airteagal 119, mír 1

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. Beidh na sonraí éigeantacha seo a leanas ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII agus a mhargaítear san Aontas nó atá le honnmhairiú:	1. Beidh na sonraí éigeantacha seo a leanas ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII agus a mhargaítear san Aontas nó atá le honnmhairiú:
(a) an t-ainmniúchán le haghaidh chatagóir an táirge fíniúna i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, Cuid II. Maidir le catagóirí táirgí fíniúna a shainítear faoi Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe (1) agus pointí (4) go	(a) an t-ainmniúchán le haghaidh chatagóir an táirge fíniúna i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, Cuid II. Maidir le catagóirí táirgí fíniúna a shainítear faoi Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe (1) agus pointí (4) go (9), i gcás ina

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(9), i gcás ina ndearnadh cóireáil dhí-alcólúcháin ar iomlán an táirge nó ar chuid de i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII, Cuid I, roinn E, beidh an méid seo a leanas ag gabháil le hainmniúchán na catagóire:	ndearnadh cóireáil dhí-alcólúcháin ar iomlán an táirge nó ar chuid de i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII, Cuid I, roinn E, beidh an méid seo a leanas ag gabháil le hainmniúchán na catagóire:
(i) ***an téarma 'saor ó alcól'*** murar mó ná 0,5 % de réir toirte neart alcóil iarbhír an táirge; ***beidh*** an nath '0,0 %' ag gabháil leis murar mó ná 0,05 % de réir toirte neart alcóil iarbhír an táirge;	(i) ***na téarmaí 'dí-alcólaithe', 'gan alcól' nó 'saor ó alcól'*** murar mó ná 0,5 % de réir toirte neart alcóil iarbhír an táirge; ***de rogha air sin, féadfaidh*** an nath '0,0 %' ***a bheith*** ag gabháil leis, murar mó ná 0,05 % de réir toirte neart alcóil iarbhír an táirge;
(ii) an téarma ***'alcól éadrom' mura bhfuil*** neart alcóil iarbhír an táirge os cionn 0,5 % de réir toirte, agus év 30 % ar a laghad faoi bhun neart alcóil iarbhír íosta na catagóire roimh dhí-alcólú.	(ii) an téarma ***'páirt-dhí-alcólaithe'*** mura bhfuil neart alcóil iarbhír an táirge os cionn 0,5 % de réir toirte, agus é ***30 % ar a laghad*** faoi bhun neart alcóil iarbhír íosta na catagóire roimh dhí-alcólú

Cúis

Is téarma neamhbheacht é 'alcól éadrom', mura bhfuil 'páirt-dhí-alcólaithe' in úsáid leis freisin. Tá gá leis an tagairt do '30 % ar a laghad faoi bhun' mar chreat tagartha dlí toisc, murach sin, go measfaí laghdú íosta leathchéime a bheith dí-alcólaithe.

Leasú 10

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(7)

Airteagal 167(1), mír 1, an chéad fhomhír

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
'1. Chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfíonta, lena n-áirítear fíonchaora, úrfhíonta agus na fíonta óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú, lena n-áirítear uastáirgeacht a leagan síos agus rialacha a leagan síos maidir le stoic a bhainistiú. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh tograí arna nglacadh ag ***eagraíochtaí*** táirgeoirí a aithnítear faoi ***Airteagail 152 agus 154*** nó ag eagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagail 157 agus 158 i gcás ina meastar go bhfuil na heagraíochtaí sin ionadaíoch d'earnáil an fhíona, i gcomhréir le hAirteagal 164(3), sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha ina bhfuil sé beartaithe na rialacha a chur i bhfeidhm.'.	'1. Chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfíonta, lena n-áirítear fíonchaora, úrfhíonta agus na fíonta óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú, lena n-áirítear uastáirgeacht a leagan síos agus rialacha a leagan síos maidir le stoic a bhainistiú. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh tograí arna nglacadh ag ***grúpaí*** táirgeoirí a aithnítear faoi ***Airteagail 33 de Rialachán (AE) 2024/1143*** nó ag eagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagail 157 agus 158 i gcás ina meastar go bhfuil na heagraíochtaí sin ionadaíoch d'earnáil an fhíona, i gcomhréir le hAirteagal 164(3), sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha ina bhfuil sé beartaithe na rialacha a chur i bhfeidhm.'.

Leasú 11

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(8)

Airteagal 216, mír 1, fomhír 3

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní rachaidh siad thar chostais an táirge, i gcás inarb ábhartha, agus na hoibríochta lena mbaineann, móide dreasacht chun dul i mbun oibríochta den sórt sin, chun go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim.	Na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní rachaidh siad thar chostais an táirge, i gcás inarb ábhartha, agus na hoibríochta lena mbaineann, móide dreasacht chun dul i mbun oibríochta den sórt sin, chun go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim. ***Tairbhithe na gcistí a leithdháiltear ar na bearta géarchéime dá dtagraítear sa mhír seo, ní bheidh siad i dteideal tacaíocht a fháil maidir le bearta glasbhuainte, driogtha nó stoite ó fhréamh de bhun Airteagal 58(1)(c) de Rialachán (AE) 2021/2115 má cuireadh na bearta sin chun feidhme cheana sna heicteáir chéanna.***

Leasú 12

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1(9)

Iarscríbhinn VII, Cuid II, Fomhír 2 (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Féadfar táirgí fíniúna de na catagóirí a leagtar amach i bpointí (4) agus **(7)** a fháil ***freisin, faoi seach,*** tríd an dara coipeadh ar fhíonta dí-alcólaithe nó páirt-dhí-alcólaithe dá dtagraítear i bpointe (1) ***nó*** trí dhé-ocsaíd charbóin a chur ***isteach.***	Maidir leis na táirgí fíniúna de na catagóirí a leagtar amach i: ***(i)*** bpointí (4)***,*** **(5)** agus ***(8), féadfar iad*** a fháil tríd an dara coipeadh ar fhíonta dí-alcólaithe nó páirt-dhí-alcólaithe dá dtagraítear i bpointe (1)***;*** ***(ii) bpointí (7) agus (9), féadfar iad a fháil*** trí dhé-ocsaíd charbóin a chur ***le fíonta dí-alcólaithe nó páirt-dhí-alcólaithe dá dtagraítear i bpointe (1);*** ***(iii) moltar go ndéanfaí measúnú breise ar an tionchar a bhíonn ag próisis an dí-alcólaithe dhúbailte ar an gcomhshaol toisc go n-éilíonn na próisis sin breis fuinnimh agus acmhainní.***

Leasú 13

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 3(1)

Iarscríbhinn VII, Cuid II, Fomhír 2 (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
Leasaítear Airteagal 58(1) mar a leanas:	Leasaítear Airteagal 58(1) mar a leanas:
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):
‘(i) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirchraoibhe arna sainaithint ag na Ballstáit in earnáil an fhíona i gcomhréir le Rialachán (AE)	‘(i) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirchraoibhe arna sainaithint ag na Ballstáit in earnáil an fhíona i gcomhréir le Rialachán (AE)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
Uimh. 1308/2013 nó ag grúpaí táirgeoirí a bhainistíonn ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143* ***agus*** arb é is aidhm dóibh clú fhíonghoirt an Aontais a fheabhsú trí thurasóireacht fíona a chur chun cinn i réigiúin táirgthe;	Uimh. 1308/2013 nó ag grúpaí táirgeoirí a bhainistíonn ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143* ***nó ag gabháltais talmhaíochta aonair*** arb é is aidhm dóibh clú fhíonghoirt an Aontais a fheabhsú trí thurasóireacht fíona a chur chun cinn i réigiúin táirgthe;
(b) cuirtear isteach an dara fhomhír seo a leanas tar éis na chéad fhomhíre: "Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), féadfaidh na Ballstáit coinníollacha sonracha agranamaíocha, físonsaothraithe nó aon chineál eile dálaí ***a leagan síos*** ina bPleananna Straitéiseacha CBT lena n-áiritheofar nach dtiocfaidh méadú ar an táirgeacht le haghaidh an fhíonghoirt atá faoi réir an chineáil sin idirghabhálacha tar éis an athchóirithe cineáil, athlonnú an fhíonghoirt, ***athphlandú an fhíonghoirt nó feabhsú na dteicnící bainistithe físonghort***."	***(b) cuirtear pointe nua leis an gcéad fhomhír: (n) físonghoirt a stoitheadh ó fhréamh go deonach;***
(c) déantar an tríú fomhír den dara fomhír agus cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin "Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír, pointe (k), ach amháin maidir le físonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu nó maidir le físonta a bhfuil tásc faoin gcineál físonchaor acu. Beidh oibríochtaí cur chun cinn agus cumarsáide atá dírithe ar chomhdhlúthú asraonta margaidh teoranta d'uastréimhse neamh-insínte 5 bliana, agus ní bhainfidh siad ach le scéimeanna cáilíochta an Aontais lena gcumhdaítear ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha.";	***(c)*** cuirtear isteach an dara fhomhír seo a leanas tar éis na chéad fhomhíre: "Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), féadfaidh na Ballstáit coinníollacha sonracha agranamaíocha, físonsaothraithe nó aon chineál eile dálaí ***a bhunú*** ina bPleananna Straitéiseacha CBT lena n-áiritheofar nach dtiocfaidh méadú ar an táirgeacht le haghaidh an fhíonghoirt atá faoi réir an chineáil sin idirghabhálacha tar éis an athchóirithe cineáil ***nó*** athlonnú an fhíonghoirt. ***Is féidir an fíorú sin a dhéanamh cheana féin i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar inghlacthacht na hidirghabhála";***
	(d) déantar an tríú fomhír den dara fomhír agus cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin "Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír, pointe (k), ach amháin maidir le físonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu nó maidir le físonta a bhfuil tásc faoin gcineál físonchaor acu. Beidh oibríochtaí cur chun cinn agus cumarsáide atá dírithe ar chomhdhlúthú asraonta margaidh teoranta d'uastréimhse neamh-insínte 5 bliana, agus ní bhainfidh siad ach le scéimeanna cáilíochta an Aontais lena gcumhdaítear ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha.";

Leasú 14

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 3(2)

Iarscríbhinn VII, Cuid II, Fomhír 2 (nua)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
(2) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:	(2) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad
mhír 2. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na n-infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (b), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:	mhír 2. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na n-infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (b), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:
(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin bheagfhorbartha;	(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin bheagfhorbartha;

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin bheagfhorbartha;	(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin bheagfhorbartha;
(c) 75 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí;	(c) 75 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí;
(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha. An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír, ní dhéanfar é a dheonú ach do mhicrifiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus ***d'eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013***. Mar sin féin, féadfar é a dheonú do gach fiontar sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha. Déanfar na huasleibhéil cúnaimh airgeadais ón Aontas a leagtar amach sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar, seachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas bliantúil is ísle ná EUR 200 milliún acu. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (b), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochta incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b). Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty [Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu].	(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha. An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír, ní dhéanfar é a dheonú ach do mhicrifiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus ***do chomharchumainn agus do chineálacha eile comhlachais***. Mar sin féin, féadfar é a dheonú do gach fiontar sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha. Déanfar na huasleibhéil cúnaimh airgeadais ón Aontas a leagtar amach sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar, seachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas bliantúil is ísle ná EUR 200 milliún acu. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (b), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochta incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b). Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty [Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu].
(b) i mír 4, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:	(b) i mír 4, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
"Mar sin féin, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (m), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochtaí incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir chun cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b)..";	"Mar sin féin, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (m), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochtaí incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir chun cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b)..";
(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6: Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (e), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:	(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6: Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (e), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:
(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin bheagfhorbartha;	(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin bheagfhorbartha;
(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin bheagfhorbartha;	(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin bheagfhorbartha;
(c) 80 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí;	(c) 80 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí;

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú
(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha. An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír, ní dhéanfar é a dheonú ach do mhicrifiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus d'eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Mar sin féin, féadfar é a dheonú do gach fiontar sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha. Déanfar na huasleibhéil cúnaimh airgeadais ón Aontas a leagtar amach sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar, seachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas bliantúil is ísle ná EUR 200 milliún acu. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (e), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochta incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b). Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty [Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu].'	(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha. An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír, ní dhéanfar é a dheonú ach do mhicrifiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus d'eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Mar sin féin, féadfar é a dheonú do gach fiontar sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha. Déanfar na huasleibhéil cúnaimh airgeadais ón Aontas a leagtar amach sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar, seachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas bliantúil is ísle ná EUR 200 milliún acu. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (e), a mhéadú go dtí suas le 80 % de chostais infheistíochta incháilithe le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha leis an gcuspóir cur leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a leagtar amach in Airteagal 57, pointe (b). Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty [Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu].'

Cúis

Ba cheart caitheamh go cothrom ní hamháin le heagraíochtaí táirgeoirí aitheanta ach le gach eagraíocht táirgeoirí, i.e. gach cineál comhlachais táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, cuideachtaí próiseála talmhaíochta agus aon chomhlachtaí comhchosúla eile, chun táirgeoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa slabhra luacha.

Leasú 15

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 4

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Táirgí fíniúna ar cuireadh lipéad orthu i gcomhréir le hAirteagal 119(1), pointe (a), an dara habairt, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh [dáta sonrach — 18 mí ón dáta teacht i bhfeidhm], féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.	Táirgí fíniúna ar cuireadh lipéad orthu i gcomhréir le hAirteagal 119(1), pointe (a), an dara habairt, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ***agus táirgí fíona cumhraithe a lipéadaíodh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 251/2014*** roimh [dáta sonrach — 18 mí ón dáta teacht i bhfeidhm], féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe. ***Lipéid a priontáladh go dleathach roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar leanúint dá n-úsáid chun táirgí fíniúna agus táirgí fíona cumhraithe a chur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.***

II. MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

Cúlra

1. Tugann CnaR dá aire go bhfuil earnáil an fhíona san Eoraip ar cheann de cholúin eacnamaíocha, thionsclaíocha agus chultúrtha an Aontais Eorpaigh ar an iomlán.

2. Meabhraíonn CnaR gur measadh go raibh an táirgeadh san earnáil sin san Aontas Eorpach cothrom le 138.3 milliún heictilítear in 2024 (- 3,5 % i gcomparáid le 2023).

3. Meabhraíonn CnaR go bhfuil sé fíor ina lán réigiún san Eoraip go gcuireann an fíon le fás an gheilleagair, go meallann sé turasóirí, gur cuid den oidhreacht chultúrtha agus gheografach agus de shainiúlacht an réigiúin é agus gur gné shóisialta é, agus gur colún lárnach de gheilleagar agus de shainiúlacht na tuaithe é i gcónaí.

4. Meabhraíonn CnaR go bhfuil gá leis go leanfadh earnáil an fhíona san Eoraip de bheith iomaíoch agus athléimneach agus de bheith ina fórsa eacnamaíoch ríthábhachtach sna blianta amach romhainn.

5. Cuireann CnaR chun suntais go raibh an-tionchar ar an earnáil ag an athrú aeráide: an strus maidir le huisce, teagmhais adhaimsire, eipidéimí de ghalair fhungasacha, ráta íseal bláthaithe, agus gur fhág sin go raibh laghdú ar an méid fíona a táirgeadh. Meabhraíonn sé go bhfuil ról tábhachtach ag earnáil an fhíona, fearacht na n-earnálacha talmhaíochta uile, maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn, mar shampla tríd an bhfíonsaothrú éiceolaíoch a thabhairt isteach nó trí leas a bhaint as cleachtais arb íseal a dtionchar ar an timpeallacht, a chaomhnaíonn an ithir agus a chuireann le héagsúlacht an tírdhreacha, rud lena seachnaítear tuilleadh meatha ar an timpeallacht agus gur níos measa a bheidh na hiarmhairtí atá ann de thoradh an athraithe aeráide

6. Dá bhrí sin, ní mór a áireamh i mbeartais CBT atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus sna beartais earnála eile, na hathruithe is gá a dhéanamh chun aitheantas a thabhairt d'uathúlacht agus d'ardluach straitéiseach na bhfíonghort feirmeoireachta tirime i réigiúin éagsúla den Aontas, ó oirthear na Spáinne, go leithinis na hIodáile agus go réigiúin eile na Meánmhara agus dheisceart na hEorpa, a mhéid a bhaineann lena bhfeidhm eacnamaíoch agus leis an méid a chuireann siad leis an mbithéagsúlacht, leis an gcomhrac i gcoinne an ghaineamhlaithe agus le caomhnú an tírdhreacha. Ní mór bearta a leagan síos, lena n-áirítear scéim shonrach lena gcuirfí cabhair dhíreach ar fáil atá curtha in oiriúint do dhálaí na bhfíonghort feirmeoireachta tirime. Ba cheart a áireamh sa scéim sin fóirdheontais bhreise d'fheirmeacha i limistéir thura agus leath-thura, dreasachtaí chun cineálacha dúchasacha agus córais saothraithe thraidisiúnta a chaomhnú, creidmheasanna cánach agus tacaíocht chun feirmeacha a dhigiteáil agus a nuachóiriú. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin do thionscadail a bhaineann leis an turasóireacht fíona agus chun táirgí áitiúla agus gastranómachas atá nasctha le fíonghoirt a chur chun cinn trí bhearta a chur i bhfeidhm in earnáil an fhíona. Ba cheart a áirithiú go gcuirfear san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar CBT an tionchar ar an ngeilleagar, ar an bhfostaíocht agus ar an gcultúr i limistéir thuaithe ina bhfuil fíonghoirt feirmeoireachta tirime.

7. Tugann CnaR dá aire go bhfuil tionchar suntasach ag athruithe déimeagrafacha leanúnacha, patrúin tomhaltais atá ag athrú agus éiginnteachtaí margaidh mharthanacht agus athléimneacht na hearnála.

8. Agus fadhbanna ann ar nós forchur taraifí agus an chaoi a n-athróidh na taraifí sin sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, tugann CnaR dá aire go bhfágann an riocht ina bhfuil an earnáil faoi láthair go bhfuil éiginnteacht ann i dtaobh an bhféadfadh na fadhbanna sin, má mheastar gur 'imthosca urghnácha' iad i bhfeachtas reatha 2025 agus i bhfeachtas 2026, an bonn a bhaint den leanúnachas agus den chobhsaíocht san earnáil maidir le margaí straitéiseacha.

9. Tugann CnaR dá aire an iarraidh arna déanamh ag cuid de na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'earnáil an fhíona trí bhíthin scéimeanna tiomnaithe státchabhrach arna bhformheas ag an gCoimisiún Eorpach mar fhreagra ar an teanas trasatlantach agus cuireann sé i bhfáth gurbh éifeachtaí agus gurbh chothroime cur chuige comhordaithe Eorpach a ghlacadh, trí bhíthin ionstraimí saincheaptha ar leibhéal an Aontais, ó d'áiritheofaí go mbeadh rochtaint ag gach réigiún ar thacaíocht ar bhonn cothrom, rud a sheachnódh an saobhadh laistigh den Mhargadh Aonair.

10. Meabhraíonn CnaR gur leag an Grúpa Ardleibhéil um Beartas Fíona an Aontais Eorpaigh béim ar fhadhbanna áirithe, gur shainaithin sé na riachtanais agus gur mhol sé réitigh, rud a cuireadh san áireamh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh leasú na reachtaíochta ina bhfuil sraith gníomhaíochtaí spriocdhírithe, comhpháirteacha, gasta agus trasearnála. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sin le todhchaí a mhúnlú d'earnáil an fhíona, chun gur earnáil iomaíoch a bheidh inti ar fud an Aontais agus go neartófar sainiúlachtaí earnáil an fhíona mar léiriú ar thraidisiúin chultúrtha, féiniúlachta, gheografacha, chomhshaoil agus eacnamaíocha Bhallstáit éagsúla an Aontais.

Moltaí i leith na mbeartas

11. Is díol sásaimh do CnaR na moltaí a thug an Grúpa Ardleibhéil um Beartas Fíona agus a glacadh an 17 Nollaig 2024, rud a cuireadh san áireamh sa Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 251/2014.

12. Tugann CnaR dá aire go gcuirtear san áireamh sna tograí le haghaidh athruithe ar an reachtaíocht i dtrácht a lán de na héilimh a rinneadh sna moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil um Beartas Fíona, rud atá ar an gcéad iarracht dul i ngleic le fadhbanna na hearnála. I ndáil leis an méid sin, molann an Coiste don Choimisiún leanúint den obair ina leith sin agus díriú freisin ar na héilimh nár cuireadh san áireamh go fóill nó nár cuireadh san áireamh ach go páirteach.

13. Is díol sásaimh do CnaR na bearta a tugadh isteach maidir le barrachas a chosc, e.g. stoitheadh ó fhréamh agus glasbhuaint, ar bearta iad a chuidíonn leis an margadh a chobhsú agus táirgeoirí a chosaint ar bhrú airgeadais.

14. Cuireann CnaR i bhfáth, áfach, nach leigheasfaidh an ghlasbhuaint na míchothromaíochtaí struchtúracha atá ann. Má tá an beart seo le húsáid go héifeachtach, ní mór é a shimpliú agus a dhéanamh níos solúbtha. Go deimhin, ní bheidh éifeacht leis an mbeart seo mura n-úsáidtear é ar bhealach níos solúbtha agus níos simplí, agus murar féidir na hacmhainní atá ar fáil faoi na cláir in earnáil an fhíona a ath-leithdháileadh ar na catagóirí idirghabhálacha éagsúla i rith na bliana i gceist nó acmhainní neamhúsáidte a iompar anonn go dtí an bhliain dár gcionn.

15. Agus bearta á gceapadh agus á gcur chun feidhme, meabhraíonn CnaR nach mór plé dlúth a dhéanamh leis na réigiúin agus na húdaráis lena mbaineann ar an leibhéal áitiúil. Is é a thiocfaidh as a leithéid solúbthacht bhreise, go mbeadh sé níos simplí úsáid a bhaint as na bearta sin, go bhféadfar scaipeadh cineálacha frithsheasmhacha agus teicnící feirmeoireachta beaichte a chur chun cinn agus go mbeifear in ann acmhainní a ath-leithdháileadh i gcláir earnáil an fhíona.

16. Meabhraíonn CnaR a thábhachtaí atá sé go leanfaí an ghlasbhuaint de bheith faoi chuimsiú na hidirghabhála in earnáil an fhíona chun a áirithiú go gcuirfear na cistí is gá ar fáil chun gur beart éifeachtach a bheidh inti. Cuideoidh an rogha maidir le cistiú náisiúnta comhlántach le riachtanais oiriúnúcháin na hearnála a chomhlíonadh, ach ní mór a áirithiú go mbeidh an dá fhoinse maoiniúcháin — an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus na cistí náisiúnta — comhoiriúnach agus go gcomhlíonfaidh siad srianta Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Dá bhrí sin, iarrann CnaR go ndéanfaí leasú ar Airteagal 59(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 chun a áirithiú gur féidir an dá fhoinse maoiniúcháin sin a úsáid. Ar an gcaoi sin, ní chuirfí tuilleadh srianta isteach trí Airteagal 216 den Rialachán maidir le CEM. Ba cheart é sin a chur san áireamh go cothrom maidir leis an mbeart um stoitheadh.

17. Molann CnaR don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú chun deireadh a chur leis an riail nach mór cistí CERT a thagann faoi chuimsiú na hidirghabhála in earnáil an fhíona a leithdháileadh go bliantúil, ós rud é go bhfágann a gcineál bliantúil go bhfuil sé deacair cistí a bhainistiú agus a úsáid, go háirithe i gcás bearta 'neamhstruchtúracha' amhail an ghlasbhuaint.

18. Is mór an sásamh do CnaR na tograí ón gCoimisiún maidir le húdaruithe a bhainistiú, go háirithe an togra síneadh a chur le bailíocht na n-údaruithe um athphlandú, toisc gur dea-thionchar a bheidh ag an athrú sin, dar leis, ó thaobh na talmhaíochta agus an chomhshaoil de araon.

19. Impíonn CnaR ar na Ballstáit leas a bhaint as táscairí críochacha chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart géarchéime arna maoiniú le 20 % d'acmhainní CEM; tá sé ag iarraidh go leanfaí den chabhair dhifreáilte a chur ar fáil don infheistíocht agus don nuálaíocht, sin agus go dtabharfaí cistiú breise do mhicrifhiontair, do réigiúin bheagfhorbartha agus don ghníomhú ar son na haeráide.

20. Measann CnaR gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir thosaíochta maidir le húdaruithe a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 64(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart deimhniú maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, táirgeadh orgánach agus córais chomhtháite táirgthe a chur san áireamh iontu freisin.

21. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil deireadh á chur leis na pionóis a d'fhorchuirtí nuair nár úsáideadh údaruithe arna ndeonú tríd an 'ceart athphlandaithe' a thiontú, rud atá ag teacht leis an laghdú infheistíochta in earnáil an fhíona.

22. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart na nósanna imeachta cistiúcháin a shimpliú go mór ón taobh riaracháin de agus is díol sásaimh dó gur féidir údaruithe a shannadh d'ainmniúcháin nó do limistéir shonracha, ar choinníoll go rachfar i gcomhairle go héigeantach leis na comhlachais um chosaint.

23. Tacaíonn CnaR leis an iarracht na lipéid a chomhchuibhiú, le simpliú na trádála idir na Ballstáit, le laghdú na gcostas agus le rochtain níos trédhearcaí ar fhaisnéis do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dó go bhfuil cód QR comhchuibhithe le tabhairt isteach maidir le faisnéis éigeantach, rud a bheidh comhtháite sna cláir náisiúnta agus i bPas Digiteach an Fhíona. Ba cheart na rialacha nua maidir le lipéadú a thabhairt isteach ar bhealach comhréireach, agus, i gcásanna áirithe, ba cheart iad a chur ar athlá i bhfianaise na ngéarchéimeanna uile atá ann faoi láthair.

24. Is díol sásaimh do CnaR go bhféadfaí táirgí nuálacha a chur ar an margadh, agus ainmniúchán ar leith a bheith ann chun táirgí fíona ar bheagán alcóil a dhíol trí rialacha soiléire maidir le lipéadú agus trí leas a bhaint as comhréitigh dhigiteacha idir-inoibritheacha (blocshlabhra, Idirlíon na Rudaí Nithiúla) ar mhaithe leis an deimhniú, an inrianaitheacht agus chun cur i gcoinne an ghóchumtha, agus chun faisnéis a roinnt maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na bpróiseas próiseála.

25. Meabhraíonn CnaR go gcaithfear próiseas a sheoladh chun machnamh a dhéanamh ar an gcumarsáid agus ar thionscnaimh a bhaineann le heolas a scaipeadh faoi tháirgí gan alcól nó ar bheagán alcóil, agus an fiúntas atá leo, toisc gur táirgí iad ar a ndéantar a lán próiseála, rud a chiallaíonn go bhfuil méid mór fuinnimh i gceist lena dtáirgeadh, agus a mbíonn leibhéil arda siúcra iontu, agus éifeacht dhiúltach aige sin ar an tsláinte. Is gá, i ndáil leis sin, feachtais oideachais a sheoladh maidir lena bheith freagrach agus fíon á ól, agus na feachtais sin a bheith ag teacht le cuspóirí Eorpacha maidir leis an tsláinte phoiblí.

26. Tacaíonn CnaR leis na hiarrachtaí borradh a chur faoin turasóireacht fíona, rud a chabhraíonn leis an bhforbairt eacnamaíoch a spreagadh i gceantair thuaithe agus i gceantair intíre. Níor cheart don turasóireacht fíona aon dochar a dhéanamh don chomhshaol: is éard atá i gceist turasóireacht 'mhall' inbhuanaithe ar ardchaighdeán atá fréamhaithe go háitiúil, agus a théann chun tairbhe don phobal áitiúil.

27. Cuireann CnaR in iúl gur oth leis nach bhfuil buiséad sonrach ag gabháil leis na bearta atá molta ag an gCoimisiún Eorpach. Chun leasuithe reachtacha a ghlacadh, tá gá le buiséad chun iad a chur i gcrích agus chun freagairt do riachtanais earnáil an fhíona.

28. Cuireann CnaR i bhfáth gur éirigh le hearnáil an fhíona freisin an bua a fháil ar a lán éagothromaíochtaí inscne, tríd an gcomhionannas inscne san fhostaíocht, san ionadaíocht agus sa bhainistiú a dhéantar ar fheirmeacha, agus i ngrúpaí táirgeoirí agus grúpaí próiseála, agus maidir leis na réigiúin agus an turasóireacht fíona a chur chun cinn.

29. Cuireann CnaR chun suntais a thábhachtaí atá sé tacú le grúpaí táirgeoirí a bhainistíonn fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint acu trí thurasóireacht inbhuanaithe, díolacháin dhíreacha agus slabhraí soláthair gairide a chomhtháthú sna bearta tacaíochta, i gcomhréir le Straitéis Turasóireachta an Aontais Eorpaigh 2030.

30. Is díol sásaimh do CnaR an méadú ar na huasteorainneacha tacaíochta (suas le 80 %) le haghaidh infheistíochta agus nuálaíochta a bhaineann le maolú an athraithe aeráide agus an t-oiriúnú don athrú aeráide, agus meabhraíonn sé a thábhachtaí atá sé tosaíocht a thabhairt do na réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin bheaga.

31. Tacaíonn CnaR le síneadh cúig bliana a chur le feachtais cur chun cinn i dtríú tíortha agus le rochtain shimplithe a thabhairt do FBManna.

32. Molann CnaR go neartófaí na sineirgí idir an Comhbheartas Talmhaíochta agus an beartas comhtháthaithe chun an bonneagar glas agus an bonneagar gorm a mhaoiniú chun tacú le hathléimneacht na bhfíonghort i leith an uisce. Cuireann sé i bhfáth go mbaineann an méid sin freisin le húsáid chuí na n-acmhainní uisce, trí oibreacha chun sceitheadh uisce a chosc, na héifeachtaí a bhíonn ag teagmhais adhaimsire a mhaolú agus faireachán a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an uisce agus na gcóras nádúrtha agus saorga stórála agus aisghabhála uisce.

33. Meabhraíonn CnaR freisin an gá atá le maoiniú a bhfuil tacaíocht an Aontais aige chun aghaidh a thabhairt ar an athléimneacht shóisialta trí bhíthin cur chuige comhtháite forbartha tuaithe lena mbaineann oibrithe fíona, mná, agus feirmeoirí óga, agus chun rochtain ar thithíocht, ar iompar agus ar an nascacht dhigiteach a chur chun cinn sna réigiúin a dtáirrgtear fíon iontu.

34. Meabhraíonn CnaR gur gá scrúdú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla maidir leis na cistí nár caitheadh ar na hearnálacha ar a raibh siad dírithe a úsáid chun bearta eile tuartha agus bainistithe géarchéimeanna a mhaoiniú, mar a iarradh sna moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil um Beartas Fíona. I ndáil leis sin, rogha amháin a d'fhéadfadh a bheith ann Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun go bhféadfar céatadán áirithe de na teorainneacha buiséadacha le haghaidh na gclár tacaíochta dá dtagraítear (a leagtar amach in Iarscríbhinn VI) a chur i leataobh lena n-úsáid chun cabhair a mhaoiniú le linn géarchéime, faoi réir údarú roimh ré ón gCoimisiún.

An Bhruiséil, an 2 Iúil 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ